C/2024/2632

22.4.2024

**Caingean arna tabhairt an 9 Feabhra 2024 – Pollinis France v an Coimisiún**

**(Cás T-75/24)**

(C/2024/2632)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Pollinis France (Páras, an Fhrainc) (ionadaí: A. Bailleux, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— go gcuirfí ar neamhní cinneadh an Choimisiún an 1 Nollaig 2023, lena ndiúltaítear d'iarratas an iarratasóra ar athbhreithniú inmheánach, arna chomhdú faoi Airteagal 10 de Rialachán (EC) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), maidir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/918 ([2]) ón gCoimisiún ('an cinneadh atá faoi chonspóid'), a mhéid a chuirtear síneadh ar thréimhse formheasa na substainte gníomhaí boscailide leis;

— a ordú don Choimisiún costais na n-imeachtaí a íoc.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go sáraítear leis an gcinneadh atá faoi chonspóid Airteagal 17 de Rialachán (EC) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), arna léamh i gcomhar le prionsabal an réamhchúraim, Airteagal 168(1) CFAE, Airteagal 191(2) CFAE agus Airteagail 35 agus 37 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt').

   Ní fhéadfaí léiriú a dhéanamh ar Airteagal 17 de Rialachán Uimh. 1107/2009 amhail go gceanglaítear leis ar an gCoimisiún síneadh gan deireadh a chur le formheas, gan beann ar an bhfad a cuireadh leis an bhformheas agus an méid uair ar cuireadh an síneadh sin leis roimhe sin agus gan beann ar an mbaol a d'fhéadfaí a bheith ann do shláinte an duine agus don chomhshaol mar gheall ar a leithéid de shíneadh a chur.

   I gcás boscailide go háirithe, ní fhéadfadh an Coimisiún a fhaomhadh a shíneadh ar feadh roinnt blianta ag cur san áireamh gur ardaigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia roinnt ceisteanna i leith an iarratais ar athnuachan agus go n-ardaíonn go leor staidéar amhras tromchúiseach maidir le sábháilteacht bhoscailide i dtaca le sláinte an duine agus leis an gcomhshaol.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus ar chomhlachtaí an Chomhphobail (IO L 264, lch. 13).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/918 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha aclóinífein, aimeatochtraidin, beaflubútaimid, beintiavalacarb, boscailid, captan, cleataidim, cioglocsaidim, ciafluaimeitifein, dasaimeit, déchlófop, démheatomorf, eiteafón, feanasacuin, fluaipicilíd, fluocsastróibin, fluraclóradón, foilpéad, foirmeiteanáit, víreas polaihéadróise núicléach Helicoverpa armigera, himeacsasól, aigéad iondóiliolbútarach, mandaprópaimid, meatalacsail, meataildéad, meatam, meatasaclór, meitríbhúisin, milbimeictin, paclabútrasól, peanocsulam, feinmeideafam, pirimeafos-meitil, própamacarb, prócuineaisid, próitiaconasól, S-meitileaclór, víreas polaihéadróise núicléach Spodoptera littoralis, Trichoderma asperellum tréithchineál T34 agus Trichoderma atroviride tréithchineál I-1237 (IO 2023 L 119, lch. 160).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO 2009 L 309, lch. 1).

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear, in ord tánaisteach, gur cheart go ndearbhófar Airteagal 17 de Rialachán 1107/2009 a bheith neamh-infheidhme de bhun Airteagal 277 CFAE toisc go bhfuil sé ar neamhréir le prionsabal an réamhchúraim, le hAirteagail 168 agus 191 CFAE agus le hAirteagail 35 agus 37 den Chairt.

   Dá mbeadh an Chúirt Ghinearálta den tuairim go mbunaítear an cinneadh atá faoi chonspóid (agus Rialachán Cur Chun Feidhme 2023/918) ar léiriú slán ar Airteagal 17 de Rialachán (CE) 1107/2009, ba cheart an fhoráil reachtaíochta sin a chur ar ceal chun críche na n-imeachtaí seo, de bhun Airteagal 277 CFAE, toisc go mbeadh sé ar neamhréir le prionsabal an réamhchúraim, le hAirteagail 168 agus 191 CFAE agus le hAirteagail 35 agus 37 den Chairt. Dá bhrí sin, níor cheart Airteagal 17 de Rialachán 1107/2009 a chur i bhfeidhm agus ní thabharfaí údar cuí leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, ar cheart a chur ar neamhní mar sin.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear, mar mhalairt eile, go raibh dul amú ar an gCoimisiún le meas gur comhlíonadh na ceanglais fhollasacha faoi Airteagal 17 de Rialachán 1107/2009.Rinne an Coimisiún earráid agus é a mheas gur comhlíonadh na ceanglais le síneadh a chur ar thréimhse formheasa a leagtar síos go follasach in Airteagal 17 de Rialachán 1107/2009:

   — rinne an Coimisiún earráid agus é a mheas nach raibh an mhoill leis an bpróiseas athnuachana inchurtha i leith an iarratasóra ar athnuachan, gan imscrúdú a dhéanamh ar an ról a bhí ag an iarratasóir sa mhoill sin;

   — rinne an Coimisiún earráid agus é a mheas gur ghá síneadh a chur le tréimhse formheasa na substainte boscailide, go ceann tréimhse bhreise 2 bhliain agus 8.5 mí, chun scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar athnuachan.